

Scoil Oilibhéir
Comhairliúchán le
Geallsealbhóirí
Achoimre Fheidhmeach

Beart de réir bhur mBriathar

Achoimre Fheidhmeach

D'ordaigh Scoil Oilibhéir an comhairliúchán reatha seo le geallsealbhóirí agus aidhm acu tuiscint a fháil ar thuairimí agus ar mhachnaimh a ngeallsealbhóirí príomha maidir le luachanna, le tosaíochtaí, le treoir agus le claonadh na scoile amach anseo. Cuirfidh na tuiscintí a eascraíonn as an bpacáiste oibre seo faoi rannpháirteachas na ngeallshealbhóirí ar chumas Scoil Oilibhéir tuiscint a fháil ar riachtanais, ar ábhair imní, agus ar ionchais na ndaoine sin ar a n-imreoidh aon chinntí nó aon bheart an tionchar is mó.

Rinne Scoil Oilibhéir (SO) an próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí idir Mí an Mheithimh agus Mí Mheán Fómhair 2017. Baineadh úsáid as réimse leathan fairsing modheolaíochtaí rannpháirtíochta (grúpaí fócais, agallaimh, suirbhéanna ar líne) chun caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí SO.

TORTHAÍ ACHOIMRE

Is féidir achoimre a dhéanamh ar thuairimí bhaill foirne SO, a fuarthas ó dhá ghrúpa fócais le daréag ball foirne, de réir cúpla téama a thagann chun cinn.

Ina measc:

1. **Bun á Dhéanamh thar a nAcmhainn:** Tá leibhéal suntasach mórtais ann maidir leis an méid a bhaintear amach agus maidir le feidhmiú laethúil na scoile, in ainneoin a méide. Cuimsíodh éachtaí spóirt, ceoil agus cruthaitheachta, foireann agus tuismitheoirí atá díograiseach agus dúthrachtach, cáilíochtaí téagartha acadúla, líon beag deacrachtaí smachta agus réimse leathan imeachtaí iarscoile atá de shíor ag dul i méid.
2. **Pobal SO le Sainmhíniú:** Tá gá le cothromaíocht a bhaint amach idir freastal ar riachtanais agus éilimh na dteaghlach le Gaeilge i SO agus an dúil le húsáid na Gaeilge a leathnú i mBÁC 15 trí rollú a dhéanamh ar theaghlach le cainteoirí nua Gaeilge atá díograiseach agus tiomanta ach atá freisin níos teoranta ó thaobh na teanga de.
3. **Tíreolas an Tionchair:** Ba léir an chodarsnacht idir cáil inmheánach agus cáil sheachtrach na scoile. Chonacthas go raibh atmaisféar muinteartha laistigh de na géaraí ach go mbraitear go bhfuil easpa caidrimh leis an bpobal i mBÁC 15 i gcoitinne. Tá coimhlint ghéar ann idir an t-atmaisféar dearfach, gealgháireach tiomantais atá le braith istigh agus an íomhá dhiúltach, ardnósach atá ag cuid de bhaill an phobail i gcoitinne..
4. **Comhionannas sa Rollú:** Síleadh go raibh an polasaí iontrála reatha éagothrom agus eisiach den chuid is mó agus gurb annamh go raibh sé ag déanamh teagmhála le teaghlach nua nó le cainteoirí nua Gaeilge. Síleadh freisin go raibh fadhbanna le próiseas reatha na n-agallamh do thuismitheoirí agus go raibh baol caimiléireacht ag baint leis. Tugadh faoi deara an deacracht a bhaineann le tomhas oibiachtúil a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge agus suim sa Ghaeilge, chomh maith leis an neamhábaltacht comparáid a dhéanamh idir tuismitheoirí ag am na n-agallamh. Creidtear nach féidir glacadh ach le hiontógáil nua teoranta toisc go líontar na háiteanna le deartháireacha/deirfiúracha na ndaltaí reatha nó le páistí na foirne.
5. **Deighilt na hÉagsúlachta:** Tá méid áirithe ciontachta le braith i dtaca le polasaí reatha an rollaithe maidir le héagsúlacht theoranta ilchultúrtha SO. Cé gur síleadh go raibh éagsúlacht shocheacnamaíoch ann, tá fonn dul le treochtaí an phobail i gcoitinne, éagsúlacht chultúrtha níos leithne a bheith sa scoil agus cur le saibhriú teanga sa cheantar áitiúil.
6. **Deiseanna Fáis a Mheas:** Bhain idir dheiseanna agus bhagairtí le fás na scoile. Maidir leis na féidearthachtaí fáis, bhí coimhlint ann idir an fonn le níos mó éagsúlachta a bheith ann i measc na ndaltaí agus le teaghlach nua le Gaeilge a chruthú ar thaobh amháin den scéal, agus imní go gcaillfí atmaisféar an phobail bhig atá in SO agus go gcuirfí le héifeacht an tsúmaire i measc na dtuismitheoirí agus na múinteoirí. Ba léir go raibh fonn ann caighdeán, atmaisféar agus éiteas SO a chaomhnú amach anseo.

7. **Oscailt don Athrú:** Bhí deighilt shoiléir le feiceáil idir an dá ghrúpa fócais foirne a cuireadh ar bun. Bhí atmaisféar beagáinín difriúil le braith iontu, go háirithe maidir le fonnmhaireacht SO a athrú agus a mhéadú sa todhchaí.

Príomhthéamaí a nochtadh ag Grúpa Fócais a rinneadh le Bord Bainistíochta Scoil Oilibhéir:

1. **Mórtas Ginearálta:** Rinneadh pointí dearfacha agus láidreachtaí SO a tharraingt amach sa phlé ag an nGrúpa Fócais. Leagadh béim ar atmaisféar an phobail bhig i SO i suíomh in Áth Cliath agus ar na buntáistí a thagann léi seo maidir le hiompar na bpáistí, le tiomantas na dtuismitheoirí, le hatmaisféar dearfach agus le hardchaighdeán oideachais.
2. **Cúngú na hÉagsúlachta:** Cúis bhróin í do roinnt ball an Bhoird nárbh amhlaidh le blianta ó shin nuair nach raibh gá le polasaí daingean Iontrála agus nuair a bhí níos mó solúbthachta maidir le hiontrálacha na ndaltaí (go háirithe na daltaí gan Gaeilge sa bhaile a raibh rath orthu ansin sa scoil agus leis an teanga). Ba léir go raibh míshocracht chinnte ann maidir leis an íomhá éilíteach atá faighte ag an scoil le déanaí de réir mar a tháinig cúngú socheacnamaíoch agus tíreolaíoch ar éagsúlacht na ndaltaí go pointe teoranta maidir le meánaicme, le habhantrach agus le líon gairmeacha na dtuismitheoirí.
3. **An Coimhthíoch Istigh:** má tá dearcadh ann ar dtús go bhfuil pobal SO iata agus dlúth, is féidir tionchar diúltach a bheith ann nuair a théitear isteach ón scoil ón taobh amuigh, agus nuair a bhíonn fonn rollú in SO (faitíos roimh 'clique'). Ach is cosúil, bunaithe ar an taithí bhíonn ag daoine a imeashtar go fáiltiúil ina dhiaidh sin, nach mar sin atá an scéal.
4. **Cé hiad Pobal SO:** bhí plé suntasach ann sa BB maidir leis an ngá le 'cothromaíocht' a bhaint amach idir an dá phobal, agus polasaí rollaithe SO á mheas: 1) na Gaeilgeoirí bunaithe (go bunúsach, an pobal reatha); 2) teaghlaigh nua le Gaeilge / iad siúd a díograis acu le foghlaim agus le tiomantas a thabhairt do SO (an pobal atá de dhíth ar neart daoine amach anseo). D'fhonn láidreachtaí seanbhunaithe na scoile a choinneáil agus a fheabhsú ní mór cothromú a dhéanamh idir na héilimh ar phobal de dhaltaí atá níos ilchultúrtha agus níos éagsúla ar thaobh amháin, agus an tiomantas céanna a bhí ag tuismitheoirí agus leanáí roimhe seo.
5. **Frustrachas Rollaithe:** tháinig mothúcháin shoiléire de fhuistrachas, d'fhearg, de chiontacht agus de mhíshuaimhneas chun cinn i dtaca leis an bpolasaí rollaithe reatha, agus ba léir go raibh na rannpháirtithe BB míshuaimhneach i dtaca leis na critéir chinnteoireachta atá in úsáid faoi láthair. Déantar é seo a threisiú go háirithe don ghrúpa seo toisc gurb iad a fheidhmíonn mar mheastóirí agus agallóirí ag na hagallaimh leis na tuismitheoirí, agus mothaíonn na baill gur minic a bhíonn siad ag 'troid ar son na dtuismitheoirí' a chonaic siad sna hagallaimh agus go mothaíonn siad fíordhíomá agus ciontacht i dtaca leo siúd nach féidir leo áit a thabhairt dóibh.
6. **Coimhlint an Mhéadaithe:** bíonn an fonn le rochtain ar SO a mhéadú agus le bogadh amach óna híomhá éilíteach i gcoimhlint leis an bhfonn le caighdeán agus cáilíocht na scoile, na ndaltaí agus na dtuismitheoirí a chaomhnú. Tháinig dearcadh níos réalaíche chun cinn freisin sa ghrúpa BB, áfach, nach ndéanfaí maolú suntasach ar shaintréithe, cáil agus atmaisféar SO dá bhfásfaí an scoil chuig scoil le dhá shruth. Tacóidh leis an dearcadh dearfach seo le tuairim gur furasta éileamh ar 60 áit a bheith ann, agus scoláirí agus tuismitheoirí tiomanta fós.
7. **Reiligiún Comhlúthach:** bhí an ról a bheidh ag an reiligiún i dtodhchaí SO ina chnámh spairne shuntasach sa chleachtas rangaithe tosaíochtaí BB, agus ní rabhthas ábalta teacht ar chomhaontú agus suíomh comhaontú a aontú dó ar ráiteas misin féideartha nua. Do roinnt daoine, tá an reiligiún dlúthnasctha le héiteas reatha Caitliceach na scoile agus an fhreagracht do phátrúin, agus amhras suntasach ann cé acu an féidir díospóireacht a dhéanamh ina leith seo sa todhchaí. Do dhaoine eile, bhí ceisteanna ann fós maidir le ról an reiligiúin i bhfrámú na n-imeachtaí scoile go léir. Mar sin féin, bhí aontaíodh go bhfuil tábhacht le gné an tréadchúraim do thodhchaí na scoile agus do mhisean ráitis nua ar bith, agus í nasctha le folláin an linbh seachas le reiligiún.

8. **Fócas ar an Leanbh:** sa phlé leis an BB, tugadh tosaíocht don fhócas a chur ar ais ar an leanbh aonair ag baint barr a gcumais amach (ó thaobh na hacadúlachta de, ón taobh sóisialta de, ó thaobh an tréadchúraim de, agus ó thaobh na cruthaitheachta de). Cé nach bhfuil fonn ar dhaoine breithiúnas a thabhairt ar an leanbh ag céimeanna rollaithe, ba chnámh spairne í ceist an bhreithiúnais ar thuismitheoirí ag agallaimh, go háirithe nuair a chreidtear go ndéanann roinnt acu cairde nó gaolta le Gaeilge 'a fhostú' chun an chéim seo a dhéanamh. Níor chóir neamhshuim a dhéanamh den ghá le polasaí righin rollaithe agus critéir mheasúnaithe ina leith seo.

I measc na bpríomhthéamaí a nochtadh ag suirbhé ar líne a rinneadh ar 44 iardhalta bhí:

1. **Timpeallacht d'Fhás iomlánaíoch:** dar leis na hiardhaltaí ba thoisic dhearfach í méid bheag na scoile, agus mheas siad gur chothaigh a leithéid mothúchán pobail agus muintearais agus gur forbraíodh dlúthchaidreamh idir na daltaí go léir agus na múinteoirí go léir. Mheas na hiardhaltaí gur chuidigh sé seo le timpeallacht foghlama níos fearr agus le tréadchúram den scoth a sholáthar. Mhol neart de na hiardhaltaí na múinteoirí díograiseacha a rinne, dar leo, a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin chun oideachas iomlánaíoch a sholáthar agus chun timpeallacht a bhí comhbhách, tacúil agus cothaitheach a chur ar fáil chun cuidiú leis na scoláirí foghlaim agus forbairt.
2. **Grá don Ghaeilge a Chothú:** labhair na hiardhaltaí go dearfach faoin mbéim ar theanga agus cultúr na Gaeilge laistigh den scoil. Bhí áthas orthu go raibh líofacht sa Ghaeilge agus díograis don Ghaeilge bainte amach acu agus luaigh siad buntáistí breise a bhain le bheith dátheangach. Ina measc bhí leibhéal níos airde de mhuintir phearsanta, cumas níos mó le teangacha breise a fhoghlaim, agus buntáiste a bheith acu i dtaca le curaclam Gaeilge na meánscoile. Rinne daoine eile tagairt do na himeachtaí seach-churaclaim agus deiseanna cultúrtha a bhí acu tríd an scoil. Ba léir go raibh meas fós ag na hiardhaltaí seo ar na deiseanna a cuireadh ar fáil dóibh trí SO.
3. **Bród as Scoile 'a bhfuil Ardmeas uirthi':** Mheas 79.5% de na hiardhaltaí a rinneadh suirbhé orthu go raibh cáil dhearfach ar SO sa phobal i gcoitinne. Ba léir go raibh bród cinnte ar na hiardhaltaí as a bheith ag freastal ar an scoil; mheas siad go bhfuil cáil den scoth ar SO sa phobal i gcoitinne agus go bhfuil éileamh ard uirthi i measc tuismitheoirí chun a leanaí a rollú.
4. **An Pobal, Teanga agus Cultúr a Chaomhnú:** ag féachaint ar an am seo romhainn, chuir neart de na hiardhaltaí in iúl gur mian leo go leanfaidh an scoil mar ba chuimhin leo féin í: leis an mbéim curtha ar theanga agus cultúr na Gaeilge, agus go gcoinneofaí mothúchán beag, pobail na scoile.

I measc na bpríomhthéamaí a nochtadh ag suirbhé ar líne a rinneadh ar 97 de thuismitheoirí reatha agus iarthuismitheoirí 44 SO bhí:

1. **Dearfach Mhillteanach:** bhí tuismitheoirí sa sampla seo fíordhearfach faoi SO i gcoitinne agus faoina dtaithí ar a leanbh (leanaí) a chur chuig an scoil. Bhí na tuismitheoirí fíorbhuíoch gur chuir SO ar chumas a leanaí a dteanga dhúchais a fhoghlaim ar bhonn tumtha. Mheas tuismitheoirí gur chuidigh SO le díograis agus grá don Ghaeilge a mhúscailt ina leanaí agus freisin meas níos doimhne ar a gcultúr agus oidhreacht Ghaelach. Rinne tuismitheoirí tagairt do dhearcadh dearfach a leanann dá bharr agus méadú ar úsáid na Gaeilge laistigh den teaghlach i gcoitinne mar thoradh ar leanbh ag freastal ar an scoil. Mhol tuismitheoirí an bhéim laistigh den scoil ar fhorbairt iomlánaíoch a linbh. Mheas siad gur tháinig feabhas ar fhéinmhuintir, ar fholláine mhothúchánach agus ar fhorbairt phearsanta a leanaí trí na himeachtaí ar fáil sa scoil agus an cúram a léirigh an fhoireann dóibh, a mheas siad a chuaigh i bhfad níos faide ná na dualgais ghairmiúla a bhí orthu.
2. **Pobal Comhpháirtíochtaí:** rinne tuismitheoirí tagairt don atmaisféar speisialta uathúil in SO – bhí spiorad láidir pobail an-soiléir go deo. Bhí na tuismitheoirí fíorbhuíoch as an gcomhtháthú sóisialta agus rannpháirtíocht an teaghlach iomláin i bpobal SO, ní díreach an leanbh féin. Ag cur treise leis an mothúchán pobail seo, rinne neart tuismitheoirí tagairt don iliomad

dlúthchomhpháirtíochtaí a bhí ann, dar leo, laistigh den scoil lena n-áirítear comhpháirtíochtaí idir na leanaí éagsúla sa scoil (beag beann ar aois nó rang); idir na leanaí agus an fhoireann (beag beann ar a stádas mar mhúinteoir ranga nó eile); idir an fhoireann agus na tuismitheoirí agus idir na tuismitheoirí féin (a oibríonn go léir le chéile, chonacthas dóibh, chun na torthaí is fearr a fháil do na leanaí).

3. **Tuismitheoirí mar Phríomh-Rannpháirtithe:** ar an iomlán, labhair tuismitheoirí go dearfach faoi éiteas láidir rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in imeachtaí SO. Measadh go raibh ról lárnach ag obair dheonach agus cúnaimh na dtuismitheoirí lena chinntiú go raibh SO ag feidhmiú go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise mhéid na scoile. Bhí tuismitheoirí an-dearfach faoi cuidiú agus, ar an iomlán, mheas siad gur eispéireas thairbheach a bhí ann, ag baint taitneamh as páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile agus á n-úsáid mar dheis chun a gcuid Gaeilge féin a fhorbairt. Mheas neart tuismitheoirí freisin go raibh sé tairbheach dá leanaí a bhain taitneamh, dar leo, as a dtuismitheoirí a fheiceáil páirteach sa scoil, agus cheap siad freisin gur thug sé dea-shampla dóibh. Bhí roinnt mion-teannais le brath nuair a thug roinnt tuismitheoirí le fios gur mhothaigh siad uaireanta go raibh sé deacair páirt iomlán a ghlacadh le tuismitheoirí eile mar thoradh ar ‘cliques’ agus ‘tithe dúnta’.
4. **Scileanna Teanga Tuismitheoirí:** bhain inní mhór a léirigh tuismitheoirí le bac teanga tuismitheoirí. Nuair a mheas tuismitheoirí nach raibh a gcumas sa Ghaeilge maith go leor, luadh gur dúshlán a bhí ansin toisc gur measadh gur chuir sé cosc orthu páirt iomlán a ghlacadh i bpobal na scoile. D’áirigh sé seo leibhéal praiticiúil ó thaobh cuidiú le leanaí lena n-obair bhaile, agus leibhéal sóisialta ó thaobh cairde a dhéanamh, comhtháthú sa phobal, agus cuidiú le himeachtaí scoile.
5. **Pobal ‘Áitiúil’?:** mheas tuismitheoirí gur imir SO ról sa phobal tíreolaíoch áitiúil, ach nach bhféadfaí a mhaíomh go bhfuil an ról sin ‘lárnach’ i bhfianaise mhéid ollmhór agus déimeagrafach an limistéir níos mó i mBaile Átha Cliath 15. Bhain buarthaí freisin leis an scéal go dtagann daltaí atá ag freastal ar SO ón iliomad ceantair éagsúla (lena n-áirítear taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath 15) agus níorbh fhios cén paróiste ina raibh an scoil, go teicniúil. Measadh go raibh naisc mhaithe bunaithe ag an scoil leis an bpobal áitiúil trí rannpháirtíocht i gcarthanais áitiúla agus eagraíochtaí spóirt.
6. **Tuairimí Measctha faoi Mhéadú:** do neart tuismitheoirí, ba rud iontach dearfach mothúchán beag, pearsanta, pobail na scoile agus chuidigh sé leis an atmaisféar uathúil a braitheadh. Do roinnt tuismitheoirí, bhí dearcadh dearfach i dtaca leis an gcóras aonsrutha reatha – chuidigh sé leis an bhforbairt ar phobal dlúth agus chuir sé deiseanna níos fearr ar fáil do na leanaí ag gach leibhéal forbartha (oideachais, mothúchánach, agus sóisialta). Do thuismitheoirí eile, mothaíodh gur chóir do SO méadú agus níos mó áiteanna a sholáthar d’fhonn freastal ar an éileamh ard.
7. **Tuairimí Measctha faoi Cháil:** den chuid ba mhó, mheas tuismitheoirí go raibh dearcadh dearfach i leith SO sa phobal i gcoitinne mar scoil mhaith le cáil den scoth d’ardchaighdeán agus éileamh mór uirthi ó thuismitheoirí ag lorg áite dá leanaí. Bhí inní i measc roinnt tuismitheoirí go raibh dearcthaí agus tuairimí diúltacha i leith SO mar thoradh ar an deacracht a bhaineann le háit a fháil in SO. Bhí faitíos ar thuismitheoirí gur mheas roinnt daoine go raibh SO eisiach agus éilíteach; teach dúnta agus geall le bheith beagnach déanta iontráil a fháil ach amháin má bhíonn leibhéal láidir Gaeilge ag tuismitheoirí.
8. **Tuairimí Measctha faoin bPolasaí Rollaithe:** mheas formhór na dtuismitheoirí go raibh an próiseas rollaithe ina eispéireas dearfach i gcoitinne, ach luaigh neart acu gur bhain strus leis an agallamh rollaithe. Luaigh roinnt tuismitheoirí gur mheas siad go raibh an próiseas rollaithe suibiachtúil agus measadh go raibh na himill idir áit a fháil agus gan áit a fháil treallach. Bhí tromlach na dtuismitheoirí sásta an polasaí reatha a choinneáil – mheas roinnt acu gurbh é an t-agallamh an bealach ab’ fhearr d’fhonn tiomantas na dtuismitheoirí lena leanaí a thógáil le Gaeilge a chinntiú. Ach luaigh neart tuismitheoirí freisin buarthaí nár shásaigh gné an agallaimh den phróiseas rollaithe prionsabail na hionchuimsitheachta agus na cothroime – measadh nach gá gur léiriú é leibhéal (íseal) líofachta tuismitheora sa Ghaeilge ar a dtiomantas agus díograis don teanga.
9. **Ionchuimsitheacht seachas Sláine na Gaeilge:** thug neart tuismitheoirí le fios go mba mhaith leo go gcuideodh an polasaí rollaithe níos fearr le leanaí le daoine nach cainteoirí

Gaeilge faoi láthair iad nó daoine atá ina gcainteoirí laga Gaeilge rochtain a fháil ar an Scoil. Chuir roinnt tuismitheoirí a dtuairim in iúl, mura leathnaímid an Ghaeilge chuig teaghlaigh 'nua' agus daoine nach cainteoirí faoi láthair iad, ansin nach bhfásfaidh an teanga choíche. Ach luaigh tuismitheoirí eile neamhréir idir éiteas ionchuimsitheachta a chinntiú agus freastal ar an nGaeilge agus pobal reatha na Gaeilge: measadh go raibh sainordú ar SO freastal ar an nGaeilge, í a chur chun cinn agus í a fhás, agus b'ionann é seo agus a chinntiú gur freastalaíodh ar chainteoirí reatha Gaeilge.

I measc na bpríomhthéamaí a nochtadh ag suirbhé ar líne a rinneadh ar 94 de thuismitheoirí agus tuismitheoirí ionchasacha sa phobal i gcoitinne bhí:

1. ***Iarratais, ní agallaimh:*** i dtaca le polasaithe rollaithe do scoileanna, b'fhéarr le tuismitheoirí agus tuismitheoirí ionchasacha ón bpobal i gcoitinne foirm iarratais agus go dtabharfaí tosaíocht do na hiarratais ba shine. I measc na ngnéithe ba lú a thaitin leo bhí agallamh leis an leanbh agus cur chuige an chrannchuir. Ag teacht salach ar pholasáí rollaithe SO, ní raibh agallaimh leis na tuismitheoirí go hard ar an liosta de na roghanna ba mhó a thaitin le daoine don sampla seo.
2. ***Dearcadh Dearfach i leith SO go mór mór, le roinnt Diúltachta:*** Bhí 76.3% den sampla a chuala faoi SO roimhe, rud a léiríonn feasacht réasúnta ard faoin scoil i measc na rannpháirtithe sa sampla. As na rannpháirtithe seo, dúirt 44.1% go raibh dearcadh ginearálta 'dearfach' acu i leith SO, agus níor mheas ach 4.3% go raibh dearcadh 'diúltach' acu i leith SO. Mheas na freagróirí go raibh atmaisféar cairdiúil, oscailte agus pobail in SO agus luaigh siad gur chuala siad faoi eispéiris agus scéalta dearfacha ó chairde agus gaolta maidir le héiteas agus caighdeán arda sa scoil. Bhí tuairim ann, cé gur scoil den scoth í, go bhfuil sé dodhéanta áit a fháil dod' leanbh inti. Creideadh go raibh ar thuismitheoirí Gaeilge den scoth a bheith acu agus ullmhúcháin shuntasacha a fháil d'fhonn áit a fháil dá leanbh. Bhí tuairim dhiúltach níos oscailte ann freisin i measc mhionlach den sampla go raibh rollú in SO ag brath ar naisc, agus go raibh an scoil éilíteach agus neamh-ionchuimsitheach.
3. ***Agallaimh Strusmhara gan Rath:*** Chuir 23.7% den sampla isteach ar áit i SO roimhe agus níor éirigh leo. Shíl roinnt de na rannpháirtithe gurb ócáid strusmhar í, an t-agallamh Gaeilge go háirithe. Bhí cúpla rannpháirtí a raibh iarrachtaí suntasacha ullmhúcháin déanta acu agus a bhí thar a bheith míshásta. Bhí cuid de na tuismitheoirí go hoscailte faoina míshástacht leis an bpróiseas agallaimh.
4. ***Obair in aisce is ea cur isteach ar áit i Scoil Oilibhéir:*** Thug tuismitheoirí le fios go raibh drogall orthu cur isteach ar áit de bharr na tuairime go raibh scileanna teanga Gaeilge láidre ag teastáil uathu féin chun áit a fháil agus chun a bheith in ann páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile / tacú lena bpáistí. Léirigh roinnt de na rannpháirtithe go raibh suim acu a bpáistí a chur go SO ach gur chuir an easpa dóchúlachta go bhfaighidís áit, agus méid na hoibre nár mhór a dhéanamh (obair in aisce, dar leo) as dóibh.

Tríd is tríd, bhí aiseolas dearfach ó na geallsealbhóirí maidir lena rannpháirtíocht sa chomhairliúchán seo, bhí an-áthas ar an bhformhór acu gur tugadh éisteacht dóibh agus moladh an Bord Bainistíochta as a gcur chuige réamhghníomhach agus forásach maidir le cinnteoireacht thrédhearcach chóir. Leis an gcomhairliúchán seo tugadh deis do na geallsealbhóirí stopadh, smaoineamh agus a machnamh a dhéanamh ar na tuairimí atá acu agus na ceisteanna a ardaíodh a chíoradh ar bhealach fiúntach, fóna. Cé nach féidir ginearálú a dhéanamh gurb ionann na tuairimí a léirigh na freagróirí samplacha agus na cinn atá ag gach geallsealbhóir (na tuismitheoirí agus na hiardhaltaí ar fad go háirithe), tugann na torthaí léargas ar réimse na ndearchtaí agus na mothúcháin atá ag geallsealbhóirí maidir le SO. Tugtar tuiscint freisin ar na meoin atá ag grúpaí geallsealbhóirí éagsúla agus nochtann sé na spreagthaí agus na tosca atá mar bhonn lena dtuairimí. Is féidir na léargais seo anois a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile d'Fhorbairt Stráitéise SO, ina ndéanfar cinntí agus bearta, agus na dearchtaí seo a fuarthas curtha san áireamh mar is cuí. Thar aon rud eile, thug an comhairliúchán seo deis do SO éisteacht lena réimse leathan geallsealbhóirí agus tuiscint a fháil orthu. Cuirfidh sé seo ar chumas SO cinnteoireacht a dhéanamh don todhchaí atá bunaithe ar fhianaise, atá eiticiúil agus atá ionchuimsitheach.



Fógra Séanta

Cé go bhfuil gach iarracht déanta cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a gheallúint. Ní féidir le Scoil Oilibhéir ná leis na húdair glacadh le freagracht as cailíteanas ná as dochar a tharlaíonn ná a maítear gur tharla, mar thoradh ar ghníomh, nó ar easpa gnímh, éinne mar thoradh ar rud san fhoilseachán seo. Is féidir aon chuid de, nó an foilseachán iomlán a fhoilsiú gan chead fad is go dtugtar aitheantas don fhoirse.

Eolas Teagmhála na nÚdar agus Admhálacha

Is iad an Dr Laura Devaney (ldevaney@tcd.ie) agus an Dr Áine Regan (aineregan1@gmail.com) a stiúir próiseas comhairliúcháin na ngeallsealbhoirí seo le tacaíocht agus le maoiniú ó Scoil Oilibhéir. Aithnítear go buíoch ionchur na ngeallsealbhoirí ar fad a ghlac páirt ann.